Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**9608/23**

**SOC 329**
**EMPL 212**
**EDUC 168**
**ECOFIN 454**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Seimeastar Eorpach 2023<br>- *Díospóireacht bheartais*<br>- *Cur i láthair ó chathaoirligh an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta faoi seach ar na príomhtheachtaireachtaí maidir leis an gCreat um Chóineasú Sóisialta* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta stiúrtha ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite, d'fhonn ullmhú don díospóireacht bheartais a thionólfar sa Chomhairle (EPSCO) an 12 Meitheamh 2023.

**Comhairle EPSCO (Fostaíocht agus Gnóthaí Sóisialta)**

**Seimeastar Eorpach 2023**

## 1. Pacáiste Earraigh Sheimeastar Eorpach 2023

Leagtar béim i bPacáiste Earraigh Sheimeastar 2023 ar na príomhdhúshláin atá roimh an Aontas agus a Bhallstáit faoi na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch – an chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch, an chothroime, inbhuanaitheacht chomhshaoil agus táirgiúlacht – i bhfianaise an chomhthéacs shocheacnamaíoch. Is léir go bhfuil an fás eacnamaíoch san Aontas athléimneach agus go bhfuil an margadh saothair láidir i gcónaí, agus rátaí fostaíochta níos airde ná riamh taifeadta. Ag an am céanna, tá ganntanas scileanna agus lucht saothair suntasach i gcónaí ann agus cuireann siad bac ar an bhfás i gcás líon méadaitheach cuideachtaí, san am céanna tá bearnaí fostaíochta fós ann i gcás roinnt grúpaí daonra, lena n-áirítear mná agus daoine óga. Cé nach bhfuil an oiread céanna imní ann i dtaobh praghsanna fuinnimh agus go bhfuil laghdú beag tagtha ar bhoilsciú ceannlíne, beidh tamall eile ann sula dtiocfaidh deireadh le brú praghsanna, rud a leanfaidh dá bhrí sin de thionchar a imirt ar chumhacht ceannaigh teaghlach, go háirithe do ghrúpaí ísealioncaim agus íseal-mheánioncaim. Tá luas méadaithe an phá i bhfad faoi bhun luas an ráta bhoilscithe, rud nár spreag tuilleadh boilscithe, ach tá creimeadh suntasach ar fhíor-ioncaim na n-oibrithe dá dheasca agus téann sé sin i bhfeidhm ar a gcumhacht ceannaigh.

I gcomhthéacs an ardchostais mhaireachtála atá ann faoi láthair, tá sé ríthábhachtach na bearnaí a dhúnadh sa rochtain ar chórais chosanta agus chuimsithe shóisialta atá leordhóthanach agus inbhuanaithe chun an tionchar a bhíonn ag boilsciú ard ar dhaoine leochaileacha a íoslaghdú, mar aon le forbairtí pá lena maolaítear an caillteanas i gcumhacht ceannaigh, go háirithe do lucht ísealioncaim, agus fostaíocht á caomhnú ag an am céanna. I ndáil leis sin, tá tábhacht ag baint le nuashonruithe rialta ar phá íosta chomh maith. Ag an am céanna, ní mór do chórais cosanta sóisialta agus cuimsiúcháin dreasachtaí oibre a chaomhnú agus rannpháirtíocht agus lánpháirtiú i margadh an tsaothair a chur chun cinn go gníomhach. Tá na gnéithe sin go léir ríthábhachtach chun méadú ar rioscaí agus neamhionannais bochtaineachta a chosc.

Lasmuigh de na tosaíochtaí gearrthéarmacha, iarrtar i bPacáiste an Earraigh go dtabharfaí aghaidh freisin ar dhúshláin níos fadtéarmaí, lena n-áirítear iomaíochas agus athléimneacht gheilleagar an Aontais a neartú agus dul chun cinn tapa a dhéanamh maidir leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach. Tá an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, mar aon le cistiú eile ón Aontas, mar shampla cistí an bheartais comhtháthaithe, riachtanach chun dlús a chur le haistriú dúbailte cóir, agus chun rannchuidiú le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Is deis atá san athbhreithniú atá ar siúl ar na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann leis an tslándáil fuinnimh agus leis an aistriú tionsclaíoch chuig geilleagar glan-nialasach, agus chun tacú le hathcháiliú luathaithe an lucht saothair i dtreo scileanna a bheadh ábhartha don aistriú glas, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo neodracht aeráide a áirithiú agus Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Aontas.

Sainaithnítear i dTuarascálacha Tíre 2023 gníomhaíochtaí beartais a bhfuil gá leo ar leibhéal na mBallstát chun dúshláin ghearrthéarmacha agus struchtúracha a shárú. Agus an méid sin á dhéanamh acu, caitheann siad súil ghéar ar fhorghníomhú na bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, agus béim á leagan acu ar na rioscaí cur chun feidhme agus ar na moilleanna nach mór do na Ballstáit aghaidh a thabhairt orthu. Áirítear i dTuarascálacha Tíre measúnú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus i ndáil le príomhspriocanna agus spriocanna náisiúnta 2030 an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, chomh maith leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Ag tógáil ar anailís na dTuarascálacha Tíre, tugann na tograí ón gCoimisiún le haghaidh Mholtaí Tírshonracha 2023 treoir do na Ballstáit maidir le dul i ngleic le príomhdhúshláin nach dtugtar aghaidh orthu ach i bpáirt sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta nó nach dtugtar aon aird orthu.

## 2. Creat um Chóineasú Sóisialta le haghaidh comhtháthú a d'fhéadfaí a dhéanamh sa Seimeastar Eorpach

Ag an gcruinniú a bhí ag EPSCO i nDeireadh Fómhair 2021, thíolaic an Bheilg agus an Spáinn tionscnamh chun an ghné shóisialta den Seimeastar Eorpach a threisiú. I mí Eanáir 2022, chuir Uachtaránacht na Fraince de chúram ar an gCoiste Fostaíochta (EMCO) agus ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta (SPC) Tuairim chomhpháirteach a ullmhú faoi lár 2022, d'fhonn staidéar níos dlúithe a dhéanamh ar thabhairt isteach agus feidhmiú féideartha an tionscnaimh sin. Léiríodh sa Tuairim[1] tuairimí éagsúla i measc na mBallstát agus roinnt ceisteanna maidir le foirm agus feidhmiú níos beaichte an tionscnaimh. Ag an gcruinniú a bhí ag EPSCO i mí an Mheithimh 2022, bhí díospóireacht bheartais ar an ábhar, agus chuir roinnt Airí in iúl go dtacaíonn siad le treoirthionscadal a sheoladh chun an tionscnamh a scrúdú ar bhealach níos mionsonraithe. Mar thoradh air sin, d'iarr Uachtaránacht na Seice ar na Coistí, i mí Mheán Fómhair 2022, Meitheal chomhpháirteach *ad hoc* EMCO-SPC a bhunú agus an treoirthionscadal a thionscnamh.

I mí Feabhra 2023, d'iarr Uachtaránacht na Sualainne ar an EMCO agus ar SPC an Chomhairle a chur ar an eolas faoi dhearcadh na gCoistí maidir le toradh an treoirthionscadail, agus aghaidh a thabhairt ar na príomh-shaincheisteanna a sainaithníodh i dtuairim EMCO-SPC ó mhí an Mheithimh 2022. D'áireofaí leis sin saincheisteanna ar nós an mhéid seo a leanas:

- ainm iomchuí na hionstraime,
- sainmhínithe ar an téarmaíocht ábhartha,
- mar a d'oibreodh an ionstraim,
- conas a dhéanfaí é a chomhtháthú i reáchtáil reatha an tSeimeastair Eorpaigh agus cén tionchar a bheadh air, ról EPSCO san áireamh,
- a bhreisluach i ndáil le hionstraimí atá ann cheana, agus
- na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ar ualach riaracháin na mBallstát agus na gCoistí.

[1] 9222/22

Mar gheall ar na naisc a d'fhéadfadh a bheith ann leis an bplé maidir le todhchaí ghinearálta an tSeimeastair Eorpaigh, mhol an Uachtaránacht don Choiste Fostaíochta agus don Choiste um Chosaint Shóisialta fáilte a chur roimh ionchur ó ECOFIN

Mar fhreagairt ar an iarraidh ón Uachtaránacht, chuir na Coistí a dtuairimí i láthair sna *Key Messages from EMCO and SPC [Príomhtheachtaireachtaí ó EMCO agus ó SPC]*[2], maidir le Creat um Chóineasú Sóisialta a thabhairt isteach sa Seimeastar Eorpach.

Tar éis iarraidh ó Uachtaránacht na Sualainne go ndéanfaí ionchur a lorg ó Ecofin, bhí idirphlé ann an 16 Bealtaine 2023 idir an Coiste Fostaíochta, an Coiste um Chosaint Shóisialta agus an Coiste um Beartas Eacnamaíoch. Déantar achoimre ar thuairimí EPC i litir ó EMCO-SPC chuig an Uachtaránacht an 25 Bealtaine 2023, lena n-iarrtar *inter alia* go ndéanfaí plé comhpháirteach ar an leibhéal teicniúil maidir leis an gcreat atá molta. Cuireadh Airí ECOFIN ar an eolas freisin faoin obair leanúnach ar an gCreat um Chóineasú Sóisialta an 16 Bealtaine.

Tá sé beartaithe ag Uachtaránacht na Sualainne soiléiriú a dhéanamh ar an leibhéal tacaíochta chun Creat um Chóineasú Sóisialta a thabhairt isteach i bpróiseas an tseimeastair Eorpaigh trí aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin ag an díospóireacht bheartais ag cruinniú EPSCO i mí an Mheithimh.

***Iarrtar ar na hairí a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na ceisteanna seo a leanas:***

- *I do thuairimse, an sainaithnítear le Pacáiste Earraigh 2023, na dúshláin agus na tosaíochtaí beartais ábhartha uile faoi inniúlacht EPSCO ar cosúil go bhfuil gá leo sa chomhthéacs socheacnamaíoch atá ann faoi láthair?*

- *I bhfianaise an scrúdaithe a rinne an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta, an mbeifeá sásta tacú leis an moladh go ndéanfaí an faireachán ar chóineasú sóisialta aníos a threisiú sa Seimeastar Eorpach trí Chreat um Chóineasú Sóisialta a chomhtháthú mar a thuairiscítear sna hEochairtheachtaireachtaí?*

- *An dtacófá leis an smaoineamh go bhformheasfadh Comhairle EPSCO, gach bliain, Conclúidí ón gComhairle maidir le Cóineasú Sóisialta san Aontas bunaithe ar na torthaí agus ar an bplé iltaobhach faoin gcreat nua?*

---

[2] 9481/23